# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2011

## STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II

**(160 Marc)**

DÉ MÁIRT 14 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.00

- Tá na ceisteanna **UILE** ar aon mharc.
- **CEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le fóiliónna agus dátaí, de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

## 1. Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Túsiontrála, le Mórleabhar agus le Comhardú Trialach

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Bhí na hiarmhéideanna seo a leanas ina Leabhar Cúnta ag MAC SEOIN Tta, gnó oiriúintí gluaisteáin, ar an 1 Eanáir 2011:

**LEABHAR CÚNTA**

| **Dáta** | **Sonraí** | **F** | **Dr €** | **Sr €** |
|---|---|---|---|---|
| 1/1/2011 | Foirgnimh | $MLG_1$ | 300,000 | |
| | Féichiúnaí: Ó CIARBA Tta | $MLF_1$ | 40,000 | |
| | Caipiteal Gnáthscaireanna | $MLG_2$ | | 340,000 |
| | *Sócmhainní, Fiachais agus Scairchaipiteal MHIC SHEÓIN Tta ar an dáta seo* | | 340,000 | 340,000 |

**(A)** Breac na hiarmhéideanna sa Leabhar Cúnta thuas sna cuntais mhórleabhair chuí.
(4)

**(B)** Déan na bearta creidmheasa seo a leanas a thaifeadadh i Leabhar na nDíolachán agus i Leabhar na nAischur Isteach ag MAC SEOIN Tta do mhí Eanáir 2011. Breac figiúirí cuí ó na leabhair go dtí na cuntais mhórleabhair.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5/1/2011 | Dhíol earraí ar cairde le Ó CIARBA Tta | Sonrasc Uimh. 50 | €24,000 + CBL 21% |
| 8/1/2011 | Earraí aischurtha ag Ó CIARBA Tta | Nóta Creidmheasa Uimh. 12 | €12,000 + CBL 21% |

(12)

**(C)** Déan na Bearta Bainc seo a leanas do mhí Eanáir 2011 a thaifeadadh i Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim MHIC SHEÓIN Tta. Breac na figiúirí cuí i gCuntais an Mhórleabhair.

Nóta: Miondealaigh na Bearta Bainc agus tú ag baint úsáide as na ceannteidil seo a leanas i gcolún an airgid:

**Taobh an Dochair (Fáltais):** Banc Díolacháin CBL Féichiúnaithe Scairchaipiteal

**Taobh an Chreidmheasa (Íocaíochtaí):** Banc Ceannacháin CBL Árachas

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3/1/2011 | Ceannacháin le hathdhíol (Seic Uimh. 1) | €60,000 + CBL 21% | |
| 9/1/2011 | D'infheistigh scairshealbhóir €30,000 agus lóisteáladh é sin. | | Admháil Uimh. 1 |
| 11/1/2011 | D'íoc Árachas (Seic Uimh. 2) | €12,000 | |
| 19/1/2011 | Lóisteáladh Díolacháin ar Airgead Síos | €96,800 (€80,000 + CBL €16,800) | |
| 28/1/2011 | D'íoc Ó CIARBA Tta €50,000 agus lóisteáladh é sin. | | Admháil Uimh. 2 |

(17)

**(D)** Comhardaigh na cuntais ar an 31 Eanáir 2011 agus bain amach Comhardú Trialach ar an dáta sin.
(7)
**(40 marc)**

**2.** **Ceist í seo a bhaineann le Díolacháin ar Cairde, Doiciméid Ghnó agus Leabharchoimeád**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Tá ceannachán éifeachtach an-riachtanach do ghnólachtaí.
Mínigh an téarma 'ceannachán éifeachtach'.

(6)

**(B)** Ar an 4 Aibreán, 2011, chuir Ó MURCHÚ Tta, an tSráid Mhór, Baile na Lorgan, Co. Mhuineacháin Ordú Uimh. 4 chuig TROSCÁN NA hÉIRNE Tta, Béal Átha Seanaidh, Co. Dhún na nGall, le haghaidh na n-earraí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| 6 Bhord Cistine Darach | @ €150 an ceann gan CBL |
| 10 Vardrús Péine | @ € 60 an ceann gan CBL |

D'eisigh TROSCÁN NA hÉIRNE Tta Sonrasc Uimh. 20 ar an 11 Aibreán 2011.
Bhí na téarmaí seo a leanas ar an sonrasc: Lascaine Thrádála 20% agus CBL 21%.

Tar éis na hearraí agus Sonrasc Uimh. 20 a fháil ar an 14 Aibreán 2011, d'íoc Ó MURCHÚ Tta an cuntas dlite go hiomlán.

D'eisigh TROSCÁN NA hÉIRNE Tta Admháil Uimh.11, sínithe ag Máirtín Ó Ceallaigh, ar an 30 Aibreán 2011.

(i) Taispeáin conas ba cheart d'Ó MURCHÚ Tta na sonraisc a fuair siad a phróiseáil.

(ii) Comhlánaigh Sonrasc Uimh. 20 agus Admháil Uimh. 11 *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(iii) Déan eisiúint an tSonraisc agus na hAdmhála a thaifeadadh i Leabhar na nDíolachán agus i Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim THROSCÁN NA hÉIRNE Tta *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(34)

**(40 marc)**

**3.** **Baineann an cheist seo le Litir a Scríobh, Cailliúint Post agus le Bunú Cuideachta**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Bhí Máire agus Bearnard de Búrca, 10 Radharc an Ghleanna Shona, Ceatharlach, fostaithe ag Cistineacha Iontacha Tta go dtí Bealtaine 2011 nuair a chaill an bheirt acu a bpost de thoradh laghdú ar dhíolachán tithe.

Bhí Máire ag obair sa ghnó le 15 bliana mar Bhainisteoir Cuntas agus ag tuilleamh €850 in aghaidh na seachtaine. Bhí Bearnard ag obair mar Dhearthóir Cistineacha le 11 bliana agus ag tuilleamh €910 in aghaidh na seachtaine.

Dúradh leo go bhfaighidís airgead iomarcaíochta ar ráta **pá dhá sheachtain in haghaidh gach bliain a bhí siad ag obair.**

Toisc go bhfuil taithí chomh leathan sin acu tá siad ag smaoineamh ar a gcomhlacht féin, MBB Tta, a thosú, ach níl siad róchinnte faoi bheith féinfhostaithe agus faoi cuideachta phríobháideach theoranta a bhunú.

Moladh dóibh teagmháil a dhéanamh le Malaí Ní Mhaoldomhnaigh, comhairleach gnó, chun cabhair a fháil.

**(A)** Cuir i gcás gur tusa Malaí Ní Mhaoldomhnaigh, 16 Ascaill na Comhdhála, Port Laoise, Co. Laoise.

Scríobh litir dár dáta 1 Meitheamh 2011 chuig Máire agus Bearnard ag freagairt na gceisteanna seo a leanas a chuir Máire agus Bearnard.

(i) Cé mhéad airgid iomarcaíochta ar fad ar cheart do Mháire agus do Bhearnard a bheith ag súil lena fháil ó Chistineacha Iontacha Tta?

(ii) Mínigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le bheith féinfhostaithe.

(iii) Mínigh conas a bhunaítear cuideachta phríobháideach theoranta.

(34)

**(B)** Thosaigh Máire agus Bearnard MBB Tta agus lóisteáil siad €40,000 dá n-airgead iomarcaíochta i gcuntas bainc na cuideachta ar 14 Meitheamh 2011.

Taispeáin conas a dhéanfaí an beart seo a thaifeadadh i gCuntas Bainc agus i gCuntas Scairchaipitil MBB Tta *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*.

(6)

**(40 marc)**

**4. Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus le Clár Comhardaithe**

***Freagair gach cuid den cheist seo***

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair UÍ BHRÁDAIGH Tta, gnó crua-earraí, ar an 31 Nollaig 2010. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 500,000 gnáthscair ar €1 an ceann.

| **COMHARDÚ TRIALACH UÍ BHRÁDAIGH Tta ar an 31 Nollaig 2010** | **Dr €** | **Sr €** |
|---|---|---|
| Ceannacháin agus Díolacháin | 270,000 | 510,000 |
| Stoc Tosaigh 1/1/2010 | 32,000 | |
| Dleacht Allmhairíochta | 3,800 | |
| Ús Infhaighte | | 22,400 |
| Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe | 31,000 | 18,000 |
| Árachas | 23,000 | |
| Pá | 83,500 | |
| Feithiclí Mótair | 50,000 | |
| Foirgnimh | 285,000 | |
| Banc | 19,000 | |
| Iasacht 25 bliain | | 20,000 |
| Airgead Tirim | 12,000 | |
| Innealra | 150,000 | |
| Díbhinní íoctha | 14,000 | |
| Cúlchistí (Comhardú Brabúis agus Caillteanais) | | 52,900 |
| Scairchaipiteal Eisithe: 350,000 gnáthscair ar €1an ceann | | 350,000 |
| | 973,300 | 973,300 |

**(A)** Iarrtar ort **Cuntas Trádála, Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais** UÍ BHRÁDAIGH Tta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010 a ullmhú agus **Clár Comhardaithe** mar a bheadh ar an dáta sin.

Tugtar an t-eolas seo a leanas duit mar a bheadh ar an 31 Nollaig 2010.

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Stoc Deiridh | €25,400 |
| (ii) | Dleacht Allmhairíochta dlite | € 1,500 |
| (iii) | Árachas Réamhíoctha | € 3,200 |
| (iv) | Ús Infhaighte Dlite | € 1,200 |
| (v) | Dímheas: | Feithiclí Mótair 12%<br>Innealra 10% |

(35)

**(B)** Ríomh an ráta díbhinne agus tú ag baint úsáide as an bhfoirmle seo a leanas:

$$\frac{\text{Díbhinn Íoctha}}{\text{Scairchaipiteal Eisithe}} \times \frac{100}{1}$$

(5)

**(40 marc)**

**5.** **Is Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim agus le Monatóireacht ar Fhorchostais**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Luaigh **trí** chúis a bhfuil sé tábhachtach do ghnólacht monatóireacht a dhéanamh ar a fhorchostais. (6)

**(B)** Ullmhaigh Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim BHÁCÚS DE BÚRCA Tta ó na sonraí atá tugtha thíos. Bain úsáid as na colúin airgid seo a leanas:

**Taobh an Dochair (Fáltais):** Banc
**Taobh an Chreidmheasa (Íocaíochtaí)**: Banc; Veain; Pá; Ús; Bailiú Dramhaíola.

| Dáta | Beart | Uimh. Fáltais | Uimh. Seice | Méid € |
|---|---|---|---|---|
| 1/5/2011 | Dlite don bhanc | | | 1,700 |
| 2/5/2011 | D'íoc pá | | 1 | 1,100 |
| 3/5/2011 | D'íoc as deisiú na veain | | 2 | 950 |
| 6/5/2011 | D'íoc as bailiú dramhaíola | | 3 | 400 |
| 7/5/2011 | D'íoc ús ar iasacht | | 4 | 1,400 |
| 10/5/2011 | Fuarthas ó Ó MURCHÚ Tta | 35 | | 2,600 |
| 12/5/2011 | D'íoc as díosal | | 5 | 200 |
| 14/5/2011 | D'íoc pá | | 6 | 850 |
| 17/5/2011 | D'íoc as bailiú dramhaíola | | 7 | 240 |
| 20/5/2011 | Fuarthas ó MAC GABHANN Tta | 36 | | 4,000 |
| 23/5/2011 | D'íoc pá | | 8 | 630 |
| 26/5/2011 | D'íoc as árachas veain | | 9 | 850 |
| 31/5/2011 | D'íoc as díosal | | 10 | 320 |

(18)

**(C)** *Ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo* tá tábla páirt-chomhlánaithe a thaispeánann Forchostais Ghnó do mhí na Bealtaine 2011.

(i) Comhlánaigh an Colún **Iarbhír** agus tú ag baint úsáide as na hiomláin ar thaobh na nÍocaíochtaí den Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim i gcuid **(B)**.

Comhlánaigh an colún **Difríocht** chun an difríocht idir na figiúirí **Iarbhír** agus na figiúirí **Buiséadaithe** a thaispeáint.

(ii) Liostaigh na forchostais a bhfuil a bhfigiúirí iarbhír **níos mó** ná na figiúirí buiséadaithe agus tabhair cúis fhéideartha **amháin** leis an difríocht i **ngach cás** *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(iii) Liostaigh na forchostais a bhfuil a bhfigiúirí iarbhír **níos lú** ná na figiúirí buiséadaithe agus tabhair cúis fhéideartha **amháin** leis an difríocht i **ngach cás** *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(16)

**(40 marc)**

**6.** **Baineann an Cheist seo le Bealaí Dáileacháin agus le Margaíocht**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Tugtar bealaí dáileacháin ar na slite éagsúla a úsáideann déantóir chun a tháirgí a sheoladh chuig na tomhaltóirí.

(i) Léirigh, le léaráidí cuí, **thrí** cinn de na bealaí seo.

(ii) Tabhair sampla **amhain** de thairge a dháiltear ar **gach** bealach díobh. (9)

**(B)** Mínigh, le samplaí, **dhá** mhodh chun taighde margaidh a dhéanamh. (8)

**(C)** Ar an 1 Lúnasa 2011 tá FEIC ÉASCA Tta, déantóir spéaclaí (gloiní), chun saghas nua spéaclaí CN3D a chur ar an margadh le haghaidh cláir teilifíse 3D. Beidh siad le fáil ar líne ag www.se.ie.

Cosnóidh na spéaclaí €95 an ceann ach tabharfar lascaine 20% don chéad 500 custaiméir.

(i) Ríomh an costas ceannaigh duitse más tusa custaiméir uimhir 350.

(ii) Dréachtaigh fógra oiriúnach chun na spéaclaí nua a chur chun cinn.
*(Ba cheart go mbeadh **cúig** phíosa eolais san fhógra.)*

(iii) Mínigh **dhá** mhodh seachas fógraíocht a d'fhéadfadh Feic Éasca a úsáid chun na spéaclaí CN3D a chur chun cinn.

(23)

**(40 marc)**

**Leathanach Bán**